



Dáta: 24/10/2019

Uimhir an Chiorcláin: 0061/2019

Chuig: Boird Bhainistíochta, Príomhoidí agus Foireann Teagaisc Iar-Bhunscoileanna, Scoileanna Speisialta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOOanna).

Forbairtí a bhaineann leis an gcuraclam sa tSraith Shinsearach le tagairt ar leith do na blianta scoile 2019/20, 2020/21, 2021/22, lena n-áirítear an méid a leanas:

- **léirithe spéise le haghaidh feidhmiú céimneach náisiúnta Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta, Corpoideachas na hArdteistiméireachta, agus Creat Corpoideachais na Sraithe Sinsearaí**
- **léirithe spéise maidir le Mandairínis, Polainnis, Portaingéilis agus Liotuáinis na hArdteistiméireachta a thabhairt isteach**

Clár

1. Réamhrá	3
2. Sonraíochtaí Athbhreithnithe agus Tuairisceoirí Modúl na Sraithe Sinsearaí	3
2.1. Amlínte chun Sonraíochtaí Athbhreithnithe agus Tuairisceoirí Modúl a thabhairt isteach	3
2.2. Deireadh a chur le hEacnamaíocht Talmhaíochta na hArdteistiméireachta	4
3. Polaitíocht agus Sochaí na hArdteistiméireachta	5
3.1. Nuashonruithe ar an tSonraíocht atá ann cheana	5
3.2. Fógra do Dhaltaí nach bhfuil ag freastal ar scoileanna a chuireann Polaitíocht agus Sochaí ar fáil mar Ábhar	5
4. Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta agus Corpoideachas na hArdteistiméireachta	5
4.1. Cúlra agus Comhthéacs	5
4.2. Léirithe Spéise	7
5. Creat Corpoideachais na Sraithe Sinsearaí	7
5.1. Cúlra agus Comhthéacs	7
5.2. Léirithe Spéise	8
6. Teangacha Iasachta na hArdteistiméireachta – Mandairínis, Polainnis, Portaingéilis agus Liotuáinis	8
6.1. Cúlra agus Comhthéacs	8
6.2. Léirithe Spéise	9
7. Forbairtí sa todhchaí	9
8. Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach	9
9. Doiciméid ghaolmhara	10
Aguisín 1 – Léiriú Spéise: Cur i bhFeidhm Náisiúnta Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta	11
Aguisín 2 – Léiriú Spéise: Cur i bhFeidhm Náisiúnta Chorpoidéachas na hArdteistiméireachta	16
Aguisín 3 – Léiriú Spéise: Cur i bhFeidhm Náisiúnta Chreat Corpoideachais na Sraithe Sinsearaí	21
Aguisín 4 – Léiriú Spéise: Teangacha Nua Ardteistiméireachta	23

1. Réamhrá

Is é seo a leanas cuspóir an chiorcláin seo:

- a) iar-bhunscoileanna a chur ar an eolas faoi fhorbairtí a bhaineann leis an gcuraclam sa tSraith Shinsearach, le tagairt ar leith do na blianta scoile 2019/20, 2020/21 agus 2021/22
- b) cuireadh a thabhairt do léirithe spéise maidir le:
 - i. feidhmiú céimneach náisiúnta ar Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta, Corpoideachas na hArdteistiméireachta, agus Creat Corpoideachais na Sraithe Sinsearaí
 - ii. Mandairínis, Polainnis, Portaingéilís agus Liotuáinis na hArdteistiméireachta, a thabhairt isteach.

Tabhair an chiorclán seo ar aird do bhord bainistíochta, príomhoide, foireann teagaisc agus daltaí do scoile mar is cuí. Cuir cóip den chiorclán seo ar fáil freisin d'ionadaithe cuí na dtuismitheoirí

Leanann an chiorclán seo ciorclán 0083/2018.

2. Sonraíochtaí Athbhreithnithe agus Tuairisceoirí Modúl na Sraithe Sinsearaí

Sa chuid seo tugtar breac-chuntas ar na hamlínite atá le teacht chun sonraíochtaí athbhreithnithe na hArdteistiméireachta a thabhairt isteach agus le haghaidh Tuairisceoirí Modúl athbhreithnithe don Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF).

2.1. Amlínite chun Sonraíochtaí Athbhreithnithe agus Tuairisceoirí Modúl a thabhairt isteach

Tá sonraíochtaí athbhreithnithe ullmhaithe sna hábhair Ardteistiméireachta thíos. Gabhfaidh na sonraíochtaí sin ionad na sonraíochtaí atá ann cheana féin, agus cuirfear an forfheidhmiú i bhfeidhm ó mhí Mheán Fómhair 2019, Meán Fómhair 2020 nó Meán Fómhair 2021. Taispeántar freisin sonraí na gceithre thuairisceoir modúl ATF athbhreithnithe, atá á dtabhairt isteach ó mhí Mheán Fómhair 2020.

Tacóidh clár um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a sholáthraíonn an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) le cur chun feidhme na sonraíochtaí agus na dtuairisceoirí modúl athbhreithnithe.

Sonraíochtaí Ábhar Athbhreithnithe na hArdteistiméireachta Bunaithe	Á dtabhairt isteach do dhaltá sa chúigiú bliain	An Chéad Scrúdú Ardteistiméireachta
Eolaíocht Talmhaíochta	Meán Fómhair 2019	Meitheamh 2021
Eacnamaíocht	Meán Fómhair 2019	Meitheamh 2021
Ealaín	Meán Fómhair 2020	Meitheamh 2022
Matamaitic Fheidhmeach	Meán Fómhair 2021	Meitheamh 2023

Tuairisceoirí Modúl Athbhreithnithe na hArdteistiméireachta Feidhmí	Á dtabhairt isteach do dhaltá sa chúigiú bliain	An Chéad Scrúdú Ardteistiméireachta
Béarla agus Cumarsáid	Meán Fómhair 2020	Meitheamh 2022
Feidhmchláir Mhatamaiticiúla	Meán Fómhair 2020	Meitheamh 2022
Réamheolas ar Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	Meán Fómhair 2020	Meitheamh 2022
Teicneolaíocht Cumarsáide: Sainchúrsa	Meán Fómhair 2020	Meitheamh 2022

2.2. Deireadh a chur le hEacnamaíocht Talmhaíochta na hArdteistiméireachta

Mar a leagadh amach roimhe seo i gCiorclán 83/2018, i bhfianaise thabhairt isteach na sonraíochtaí athbhreithnithe in Eolaíocht Talmhaíochta na hArdteistiméireachta agus in Eacnamaíocht na hArdteistiméireachta i 2019, scrúdófar an t-ábhar Eacnamaíocht Talmhaíochta don uair dheireanach i rith scrúdú na hArdteistiméireachta i Meitheamh 2020 do dhaltá sa chúigiú bliain a thosaigh an t-ábhar i mí Mheán Fómhair 2018.

Dá bhrí sin, níl an t-ábhar seo ar fáil le haghaidh scrúduithe a thuilleadh, agus deimhniúchán dá bharr, do dhaltá sa chúigiú bliain atá ag tosú ar chlár na hArdteistiméireachta i mí Mheán Fómhair 2019.

Iarrtar ar phríomhoidí scoile agus ar mhúinteoirí a chinntiú go bhfuil gach dalta agus tuismitheoir/caomhnóir ar an eolas faoin athrú sin.

3. Polaitíocht agus Sochaí na hArdteistiméireachta

3.1. Nuashonruithe ar an tSonraíocht atá ann cheana

Tugadh Polaitíocht agus Sochaí na hArdteistiméireachta isteach i scoileanna Chéim 1 i mí Mheán Fómhair 2016. Tar éis an chéad scrúdú ar an ábhar i mí an Mheithimh 2018, chuaigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) i dteagmháil le múinteoirí agus le daltaí an ábhair, le Cumann Múinteoirí Polaitíochta agus Sochaí na hÉireann, le speisialtóirí tríú leibhéal agus le daoine eile chun athbhreithniú a dhéanamh den sonraíocht.

Tar éis an athbhreithnithe seo, rinneadh mionathruithe ar an tsonraíocht chun taithí foghlama, teagaisc agus measúnaithe a fheabhsú. Scrúdófar daltaí a thosaigh sa chúigiú bliain i mí Mheán Fómhair 2018 bunaithe ar an tsonraíocht níos luaithe in 2016 dá scrúdú Ardteistiméireachta i mí an Mheithimh 2020, agus scrúdófar daltaí a thosaigh sa chúigiú bliain i mí Mheán Fómhair 2019 ar bunaithe an tsonraíocht nuashonraithe i mí an Mheithimh 2021.

Tá an dá leagan den tsonraíocht ar fáil ag: <https://curriculumonline.ie/Senior-cycle/Senior-Cycle-Subjects/Politics-and-Society>.

3.2. Fógra do Dhaltaí nach bhfuil ag freastal ar scoileanna a chuireann Polaitíocht agus Sochaí ar fáil mar Ábhar

Ní mór d'aon dalta ar mian leis/léi scrúdú a dhéanamh ar Pholaitíocht agus Sochaí na hArdteistiméireachta, ach atá ag freastal ar scoil nach gcuireann an t-ábhar ar fáil, nóta a dhéanamh de Chiorclán S95/18 ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit: *Rialacháin maidir le Glacadh agus Fíordheimhniú Tuarascálacha Tionscadail Saoránachta don Ábhar Polaitíocht agus Sochaí i Scrúdú na hArdteistiméireachta 2019*. Tá an ciorclán sin ar fáil ag: <https://www.examinations.ie/misc-doc/EN-EX-12325858.pdf>

4. Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta agus Corpoideachas na hArdteistiméireachta

4.1. Cúlra agus Comhthéacs

Ullmhaíodh sonraíochtaí nua sa Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta agus sa Chorroideachas na hArdteistiméireachta, ar féidir le scoileanna iad a thairiscint mar ábhair bhreise roghnacha Ardteistiméireachta le scrúdú.

Tá líon beag scoileanna, 40 don Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta agus 64 don Chorroideachas na hArdteistiméireachta, ag glacadh páirte sa chéad chéim de

chur i bhfeidhm na n-ábhar sin do dhaltáí a thosaigh sa chúigiú bliain i mí Mheán Fómhair 2018 agus i mí Mheán Fómhair 2019, le daltaí sna scoileanna sin ag déanamh scrúduithe na hArdteistiméireachta in 2020 agus 2021 faoi seach.

Beidh an chéad scrúdú Ardteistiméireachta don Ríomheolaíocht ar siúl i mí Bealtaine 2020 do scoileanna Chéim 1. Scrúdú praiticiúil agus scríofa araon a bheidh sa scrúdú. Deimhneoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) sonraí an uainithe chruinn níos déanaí anonn.

Beidh an chéad scrúdú scríofa i gCorpoideachas na hArdteistiméireachta ann do dhaltáí atá cláraithe i scoileanna Chéim 1 agus atá ag freastal ar ranganna san ábhar sin sceidealta do mhí an Mheithimh 2020.

Tosófar an feidhmiú céimneach náisiúnta ar Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta agus Corpoideachas na hArdteistiméireachta i mí Mheán Fómhair 2020.

Sonraíochtaí Nua	Cur i bhFeidhm Náisiúnta – Á dtabhairt isteach do Dhaltáí sa Chúigiú Bliain	Scrúdú na hArdteistiméireachta
Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta	Meán Fómhair 2020	Bealtaine 2022
Corpoideachas na hArdteistiméireachta	Meán Fómhair 2020	Meitheamh 2022

Ba chóir do scoileanna ar mian leo na sonraíochtaí nua sin a thabhairt isteach ó mhí Mheán Fómhair 2020 a chinntiú go bhfuil pearsanra teagaisc atá cáilithe go cuí, feistí digiteacha agus bonneagar acu chun iad a chur chun feidhme. Maidir leis sin, is féidir le scoileanna cuid de na deontais TFC, , a úsáid chun na críche sin.

Tá tuilleadh sonraí ar na sonraíochtaí nua sin agus na cúrsaí atá le breithniú ag scoileanna le fáil in aguisíní an chiorcláin seo.

Ní mór Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta agus Corpoideachas na hArdteistiméireachta a thairiscint trí acmhainní agus foireann reatha na scoile. Ní bheidh sé indéanta iarratas a dhéanamh ar lamhátais churaclaim chun na hábhair nua sin a thabhairt isteach.

Tá an tsonraíocht do Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta ar fáil ag: <https://www.curriculumonline.ie/Senior-cycle/Senior-Cycle-Subjects/Computer-Science>.

Tá an tsonraíocht do Chorpoidéachas na hArdteistiméireachta ar fáil ag: <https://www.curriculumonline.ie/Senior-cycle/Senior-Cycle-Subjects/Physical-Education-Specification>.

4.2. Léirithe Spéise

Iarrtar ar scoileanna ar mian leo na hábhair sin a thabhairt isteach ó mhí Mheán Fómhair 2020, an fhaisnéis a sholáthraítear in Aguisíní 1 agus 2 den chiorclán seo a bhreithniú agus, má tá siad in ann an t-ábhar a thabhairt isteach, na léirithe spéise atá nasctha in 'Aguisín 1 – Léiriú Spéise: Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta' agus 'Aguisín 2 – Léiriú Spéise: Corpoideachas na hArdteistiméireachta' a chomhlánú.

Cinnfear ar shocruithe feidhmithe tar éis anailís ar an bhfaisnéis a gheofar sna foirmeacha Léirithe Spéise. Beidh na cláir FGL a fhorbróidh SFGM bunaithe ar an bhfaisnéis a gheofar ó na foirmeacha Léirithe Spéise chomh maith.

Ní éilítear ar scoileanna atá rannpháirteach cheana féin i gCéim 1 de thabhairt isteach na n-ábhar sin foirmeacha léirithe spéise a chomhlánú chun leanúint ar aghaidh ag tairiscint an ábhair, ach ba chóir é sin a dhéanamh má theastaíonn uathu go mbeadh múinteoirí breise ag baint leasa as FGL.

Cuirfear tacaíochtaí ar fáil do scoileanna ar mian leo ceachtar den dá ábhar a thabhairt isteach sna blianta ina dhiaidh sin.

5. Creat Corpoideachais na Sraithe Sinsearaí

5.1. Cúlra agus Comhthéacs

Ceapadh Creat Corpoideachais na Sraithe Sinsearaí (an Creat) chun tacú le múinteoirí foghlaim ardchaighdeáin a phleanáil don Chorroideachas do **gach dalta** sa tSraith Shinsearach agus ní mheasúnófar é mar chuid de scrúdú na hArdteistiméireachta. Cabhróidh an Creat Neamh-Inscrúdaithe le scoileanna clár corpoideachais a dhearadh do dhaltaí sa tsraith shinsearach, lena n-áirítear daltaí a roghnaíonn nó nach roghnaíonn Corroideachas a dhéanamh mar ábhar dá scrúdú Ardteistiméireachta. Tá an Creat bunaithe ar shé mhúnla curaclaim agus tá sé saincheaptha le múineadh thar dhá nó trí bliana den tSraith Shinsearach.

Tá 40 scoil ag glacadh páirte i gcur i bhfeidhm chéim 1 den Chreat le linn na mblianta scoile 2018/19 agus 2019/20. Tá an Creat ar fáil anois do gach scoil chun go mbreithneofar é i bpleanáil do Chorroideachas na Sraithe Sinsearaí.

Ó mhí Mheán Fómhair 2020, glacfaidh an Creat nua ionad na dtreoirínte atá leagtha amach sna Rialacha agus sna Cláir do Mheánscoileanna, atá mar bhonn do Chorroideachas na Sraithe Sinsearaí faoi láthair. Ní mór an deis a thabhairt do gach scoláire sa tsraith shinsearach staidéar a dhéanamh ar Chorroideachas ar

bhealach éigin. D'fhéadfadh sé sin a bheith trí shonraíocht Corpoideachais na hArdteistiméireachta nó tríd an gCreat Corpoideachais sa tSraith Shinsearach, nó iad araon.

Tá an Creat ar fáil ag: <https://www.curriculumonline.ie/Senior-cycle/Senior-Cycle-Subjects/Physical-Education-Framework>.

5.2. Léirithe Spéise

Iarrtar ar scoileanna foirm Léirithe Spéise a chomhlánú, atá nasctha le 'Aguisín 3 – Léiriú Spéise: Cur i bhfeidhm Náisiúnta Chreat Corpoideachais na Sraithe Sinsearaí', chun cabhrú le SFGM clár cuí FGL a fhorbairt do mhúinteoirí.

6. Teangacha Iasachta na hArdteistiméireachta – Mandairínis, Polainnis, Portaingéilis agus Liotuáinis

6.1. Cúlra agus Comhthéacs

Faoi [Déanann Teangacha Nasc – Straitéis do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn 2017-2026](#), tá sonraíochtaí i Mandairínis, Polainnis, Portaingéilis agus Liotuáinis á bhforbairt don Ardteistiméireacht. Tá Polainnis, Portaingéilis agus Liotuáinis ar fáil faoi láthair lena scrúdú mar theanga neamhchuraclaim. Taispeántar thíos an amlíne atá beartaithe chun na sonraíochtaí nua a chur chun feidhme, ar dtús do chohórt beag de na scoileanna. Eiseofar cumarsáid bhreise i rith na scoilbhliana 2019/20 maidir le cur chun feidhme na sonraíochtaí sin.

Táthar ag breathnú ar mhodhanna malartacha soláthair do na hábhair nua teanga sin. Beidh an modh seachadta atá le húsáid ina ábhar comhairliúcháin le comhpháirtithe ábhartha.

Sonraíochtaí nua	Á dtabhairt isteach chuig daltaí sa chúigiú bliain	An Chéad Scrúdú Ardteistiméireachta
Mandairínis	Meán Fómhair 2020	2022
Polainnis	Meán Fómhair 2020	2022
Portaingéilis	Meán Fómhair 2020	2022
Liotuáinis	Meán Fómhair 2020	2022

6.2. Léirithe Spéise

Tá an Roinn ag lorg léirithe spéise ó scoileanna ar mian leo na sonraíochtaí nua sin a thairiscint ó mhí Mheán Fómhair 2020. Iarrtar ar scoileanna leasmhara foirm Léirithe Spéise a chomhlánú, atá nasctha le 'Aguisín 4 – Léiriú Spéise: Teangacha Nua Ardteistiméireachta'. Tuilleadh eolais maidir leis na sonraíochtaí le fáil in Aguisín 4.

Tacófar le cur chun feidhme na sonraíochtaí nua sin trí chlár FGL arna gcur ar fáil ag *Teangacha Iar-Bhunscoile Éireann* (TIBÉ)). Beidh na modhanna soláthair de na sonraíochtaí agus na clár FGL a fhorbraítear do na teangacha nua bunaithe ar an bhfaisnéis a fhaightear ó na foirmeacha Léirithe Spéise.

7. Forbairtí sa todhchaí

Tá sonraíocht athbhreithnithe i Léann Clasaiceach na hArdteistiméireachta á tabhairt chun críche faoi láthair.

Tá tús curtha ag CNCM freisin le hobair ar forbairt sonraíochtaí nua agus athbhreithnithe do Ghaeilge na hArdteistiméireachta (T1 agus T2), Bitheolaíocht, Ceimic agus Fisic.

8. Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach

Tá CNCM ag tabhairt faoi athbhreithniú faoi láthair ar an tSraith Shinsearach. Cuireadh tús leis an athbhreithniú go déanach in 2016 agus san áireamh tá, go dtí seo, athbhreithniú ar sholáthar na Sraithe Sinsearaí thar roinnt dlínsí idirnáisiúnta; próiseas comhairliúcháin fairsing ina bhfuil rannpháirtíocht dhomhain le múinteoirí, le tuismitheoirí/caomhnóirí agus le daltaí ar fud sampla de 41 scoil, le tacaíocht ó shraith seimineár náisiúnta, atá deartha go léir chun príomhláidreachtaí sa tSraith Shinsearach a shainaithint agus chun tuilleadh forbartha a dhéanamh. Bhí dhá bhabhta d'athbhreithniú scoile ann le Timthriall 1 ag iniúchadh chuspóir oideachais na Sraithe Sinsearaí, agus rinne Timthriall 2 iniúchadh ar chonairí, clár agus solúbthacht sa tSraith Shinsearach.

Is éard atá i gceist leis an gcéim is déanaí d'obair CNCM ná cleachtadh breise comhairliúcháin, a mbeidh dhá dhoiciméad de chuid CNCM mar bhonn eolais ina leith Tuarascáil Eatramhach ar an Athbhreithniú ar Oideachas na Sraithe Sinsearaí agus Athbhreithniú na Sraithe Sinsearaí, Doiciméad Comhairliúcháin. Sa Tuarascáil Eatramhach ar an Athbhreithniú tugtar le chéile na díospóireachtaí a reáchtáladh le linn an athbhreithnithe i scoileanna, ag na seimineáir náisiúnta agus an

taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an tSraith Shinsearach, agus tugann an doiciméad Comhairliúcháin don tSraith Shinsearach breac-chuntas ar na réimsí atá ag teacht chun cinn le haghaidh tuilleadh breithnithe sa tSraith Shinsearach.

Iarrtar ar dhaoine agus ar eagraíochtaí leasmhara leis an gcéim comhairliúcháin reatha seo aiseolas breise a thairiscint maidir leis na réimsí forbartha a tháinig chun cinn ón athbhreithniú go dtí seo. Beidh an comhairliúchán ar siúl go dtí an 1 Samhain 2019. Tar éis na céime sin, ginfidh CNCM réimsí tosaíochta agus spriocanna níos fadtéarmaí don tSraith Shinsearach i bhfoirm tuarascála comhairlí lena breithniú ag an Aire Oideachais agus Scileanna.

Is féidir le daoine aonair agus eagraíochtaí aiseolas a sholáthar trí shuirbhé ar líne, trí aighneacht scríofa a dhéanamh Tá tuilleadh eolais ar fáil ag: <https://www.ncca.ie/en/senior-cycle/senior-cycle-review/consultation>.

9. Doiciméid ghaolmhara

Forbraíonn CNCM sonraíochtaí le haghaidh gach ceann de na hábhair atá le múineadh ag an tSraith Shinsearach agus arna bhfaomhadh ag an Aire. Tá na sonraíochtaí uile ar fáil faoi láthair ar <https://www.curriculumonline.ie/> a thabharfar cothrom le dáta de réir mar a bheidh sonraíochtaí nua agus athbhreithnithe ar fáil.

Eamonn Moran

Príomhoifigeach

Aonad Curaclaim agus Polasaí Measúnachta

24 Deireadh Fómhair 2019

Aguisín 1 – Léiriú Spéise: Cur i bhFeidhm Náisiúnta Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta

1. Réamhrá

Ábhar rognach is ea Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta a ndéanann daltaí staidéar uirthi agus a ndéantar scrúdú air mar chuid den Ardteistiméireacht, agus dáilfear pointí CAO (Lár-Oifig Iontrála) dá réir.

Tar éis thabhairt isteach Chéim 1 den Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta i mí Mheán Fómhair 2018, tá sé ar fáil do scoileanna a bhfuil spéis acu ann, más mian leo é a thairiscint mar rogha ar a dtráthchláir don Ardteistiméireacht, ag tosú sa bhliain acadúil 2020/21.

Mar chuid den feidhmiú céimneach náisiúnta, cuirfear clár um FGLar fáil do mhúinteoirí chun tacaíocht a thabhairt don chur i bhfeidhm Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta ó mhí Mheán Fómhair 2020. Tá tuilleadh eolais ar fáil i gCuid 3 thíos.

Ceapadh an tsonraíocht ar feadh 180 uair an chloig d'am teagmhála ranga thar dhá bhliain. **Moltar go gcuirfí tréimhse dhúbailte amháin sa tseachtain ar a laghad san áireamh chun foghlaim na ndaltaí a éascú.**

Tairgfear an t-ábhar ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal le haghaidh scrúdaithe agus beidh dhá chomhpháirt mheasúnaithe ann:

Comhpháirt Mheasúnaithe	Ualú	Leibhéal
Measúnú Obair Chúrsa	30%	Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal
Scrúdú Scríofa agus Scrúdú bunaithe ar an Ríomhaire	70%	Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Agus cinneadh á dhéanamh cibé an bhfuil spéis ag do scoil an t-ábhar a thairiscint, ba cheart roinnt cúinsí a chur san áireamh:

- Ba chóir do scoileanna toilteanas agus cumas a léiriú, maidir le soláthar foirne agus bonneagair, chun Ríomheolaíocht a thairiscint mar ábhar Ardteistiméireachta ar an amchlár ó mhí Mheán Fómhair 2020;
- Ní mór an t-ábhar a thairiscint ó laistigh d'acmhainní reatha scoile agus foirne. Ní bheidh sé indéanta iarratas a dhéanamh ar lamháltais churaclaim chun an t-ábhar nua seo a thabhairt isteach;
- Ba chóir don scoil machnamh a dhéanamh ar an spás a d'fhéadfadh a bheith ann ar an amchlár don ábhar nua, ag cur forbairtí curaclaim eile san áireamh

sa tSraith Shinsearach. Áirítear leis sin infhaighteacht bheartaithe an Chorpoideachais mar ábhar nua don Ardteistiméireacht inscrúdaithe, do scoileanna ó mhí Mheán Fómhair 2020.

- Ba chóir do scoileanna a bheith eolach freisin ar thabhairt isteach Chreat Corpoideachais na Sraithe Sinsearaí do gach dalta sa tsraith shinsearach ó mhí Mheán Fómhair 2020.
- Moltar tréimhse dhúbailte amháin sa tseachtain a chur san áireamh chun rannpháirtíocht ghníomhach na ndaltaí in obair ghrúpa a éascú.
- Ba chóir go mbeadh an scoil in ann an múinteoir/na múinteoirí a bhfuil spéis acu i dteagasc na Ríomheolaíochta na hArdteistiméireachta a aithint agus an taithí agus na cáilíochtaí ábhartha cuí a bheith acu sa réimse seo;
- Ba chóir go mbeadh an scoil toilteanach éascú a dhéanamh an múinteoir/na múinteoirí roghnaithe a bheith páirt iomlán a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil;
- Ba chóir don scoil a chinntiú go mbeidh líon inmharthana daltaí ar spéis leo staidéar a dhéanamh ar an ábhar mar chuid den Ardteistiméireacht;
- Beidh ar an scoil cabhrú le gach dalta a bhaineann úsáid as ríomhairí go comhuaineach chun críche scrúdú na hArdteistiméireachta a reáchtálfar i mí na Bealtaine;
- Ba chóir go mbeadh tacaíocht ón mBord Bainistíochta agus ó cheannaireacht shinsearach sa scoil, i gcomhairle le pobal na scoile, don ábhar seo;
- Ba chóir do na scoileanna a chinntiú go bhfuil, i measc rudaí eile, an bonneagar cuí acu a theastaíonn chun an t-ábhar a chur chun feidhme, tuilleadh eolais i Cuid 2 thíos. Tabhair faoi deara nach bhfuil cead ag daltaí faoi láthair a bhfeiste féin a úsáid le haghaidh scrúdú na hArdteistiméireachta.

Go hiondúil, beidh na nithe a leanas ag múinteoirí:

- Léirigh sé nó sí spéis mhór i múineadh na Ríomheolaíochta na hArdteistiméireachta, tar éis dóibh iad féin a chur ar an eolas faoin tsonraíocht;
- Toilteanas tabhairt faoi FGL chun ullmhú do thabhairt isteach na sonraíochta ina scoil agus chun scoileanna mar smaointeoireacht ríomhaireachtúil nó modheolaíochtaí taighde a fhorbairt/a athnuachan. Is dócha go dtarlóidh roinnt FGL taobh amuigh d'am scoile;
- Rinne sé nó sí staidéar ar ríomheolaíocht, ríomhaireacht, innealtóireacht ríomhaireachta nó leictreonaic, teicneolaíocht faisnéise, forbairt bogearraí (nó réimsí gaolmhara) mar chuid dá gcuid staidéir bunscoile nó iarchéime;
- Taithí ábhartha i réimsí gaolmhara amhail gearrchúrsa i gcódú a mhúineadh, modúl chlár na hIdirbhliana, rannpháirtíocht i gclubanna agus comórtais códaithe aitheanta, ag gabháil don fhoghlaim ghairmiúil a bhaineann le teicneolaíocht ríomhaireachta agus/nó taighde déamta i réimse ábhartha.

Tá an tsonraíocht ar fáil ag: <https://www.curriculumonline.ie/Senior-cycle/Senior-Cycle-Subjects/Computer-Science>.

2. Trealamh a theastaíonn chun tacú le cur chun feidhme na sonraíochta

Ba chóir do scoileanna ar mian leo Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta a thabhairt isteach ó mhí Mheán Fómhair 2020 a chinntiú go bhfuil, i measc rudaí eile, an bonneagar cuí acu a theastaíonn chun é a chur i bhfeidhm. Maidir leis sin, is féidir le scoileanna cuid de na deontais TFC a úsáid chun na críche sin.

Éileofar ar scoileanna cabhrú le gach dalta úsáid a bhaint as ríomhairí go comhuaineach chun críche scrúdaithe. Ní cheadaítear do dhaltaí a bhfeiste féin a úsáid chun críocha scrúdaithe.

2.A. Deascanna/Ríomhairí Glúine

Beidh ar scoileanna ríomhairí cuí a sholáthar do dhaltaí le húsáid mar chuid den Ríomheolaíocht na hArdteistiméireachta. Beidh gá rochtain a bheith ag gach ríomhaire ar leathanbhanda 100Mbit/s. D'fhéadfadh córas néalstórála d'obair na ndaltaí an gá le sonraíocht ar riachtanais Tiomántáin Chrua a mhaolú.

Ní mór feistí atá le húsáid chun críocha scrúdaithe a bheith in ann bogearraí ar leith, is é sin, Comhshaol Forbartha Comhtháite (CFC) a shuiteáil.

Mír Theicniúil	Íosriachtanais Mholta
Próiseálaí	Luas próiseála 1 GHz nó níos fearr
Cuimhne (RAM)	1 GB
Méid an Scáileáin	20" do ríomhairí deisce. 15" do ríomhairí glúine.
Cárta Grafaicí	512 MB VRAM nó níos fearr
Tiomántán Diosca Chrua (TDC)	128 GB nó níos fearr
Córas Oibriúcháin (CO)	CO atá tacaíthe go hiomlán

2.B. Sonraíochtaí Micreaphróiseálaí

Tá trí shnáithe i sonraíocht na Ríomhaireachta san Ardteistiméireacht. Tá Snáithe 3 comhdhéanta de cheithre Thasc Foghlama Feidhmí (TFF).

Ní mór do scoileanna líon leordhóthanach aonad micreaphróiseála a bheith acu chun cabhrú le múinteoirí agus le daltaí TFF4 a chur i gcrích – Córais Leabaithe (Torthaí Foghlama 3.11–3.14). Leagtar amach thíos na híosleibhéal sonraíochtaí teicniúla agus na gnéithe d'aonad micreaphróiseála a bheadh ag teastáil chun na torthaí foghlama a bhaint amach sa tsonraíocht Ríomheolaíochta na hArdteistiméireachta, agus go háirithe torthaí foghlama TFF4, a bhfuil breac-chuntas orthu thíos.

Mír Theicniúil	Molta	Faisnéis bhreise
RAM/Flaischuimhne	Go leor cuimhne chun na torthaí foghlama riachtanacha a bhaint amach.	Is é seo an spás cláir chun an t-aonad a chlárú. (Is iondúil gur leor thart ar 10 gcilibheart nó níos mó mar chuid de).
Clogluas	>= 4MHz.	
Voltas córais	3 – 5 V.	Is é 3.3V na leibhéal loighce nua-aimseartha.
USB/micrea USB	Tá ar a laghad 1 fhoirm de phort USB dúchasach inmhianaithe.	Tá cineál éigin cumarsáide feiste go feiste inmhianaithe.
IOanna Digiteacha agus Analógacha	Rochtain in-ríomhchláráithe ar 4 pionna IO dhigiteacha agus analógacha ar a laghad.	Is féidir le boird sleamhnaithe amach (ar a dtugtar nascóirí Ciumhaise) líon na bpionnaí IO a fheabhsú.
Braiteoirí ar bord	Inmhianaithe ach níl sé riachtanach.	Is féidir braiteoirí nua-aimseartha a cheannach de réir mar is gá. Is féidir comhéadan braiteora a bhaint amach trí chineál éigin boird sleamhnaithe amach nó losaíde a úsáid.
Timpeallacht Forbartha Chomhtháite(IDE)/Timpeallacht Chlárúcháin	Bheadh áis Python/JavaScript inmhianaithe.	B'fhéidir go mbeadh teangacha eile bunaithe ar théacs nó blocbhunaithe riachtanach chun foghlama.

Sáróidh formhór na leaganacha de mhicreaphróiseálaithe nó micrea-ríomhairí a scaoileadh le déanaí na moltaí thuas i mbeagnach gach réimse. Ba chóir do scoileanna a chinntiú go bhfuil go leor trealamh acu a chuirfidh ar a gcumas torthaí foghlama TFF4 a bhaint amach go leordhóthanach.

3. Foirm Léirithe Spéise - Cur i bhFeidhm Náisiúnta na Ríomheolaíochta

Mar chuid den chur i bhfeidhm náisiúnta, cuirfear clár um FGL ar fáil do mhúinteoirí chun tacaíocht a thabhairt dóibh don chur i bhfeidhm Ríomheolaíochta na hArdteistiméireachta ó mí Mheán Fómhair 2020. Cuirfear tús leis an gclár FGL sin i rith na bliana acadúla 2019/20.

Beidh an t-eolas a bhailítear tríd an bhfoirm léirithe spéise mar bhonn le pleanáil an tsoláthair FGL sin.

Cinnfear ar shocruithe feidhmithe tar éis anailís ar an bhfaisnéis a gheofar sna foirmeacha Léirithe Spéise chomh maith.

Má tá spéis ag do scoil Ríomheolaíochta na hArdteistiméireachta a thairiscint ó mhí Mheán Fómhair 2020, comhlánaigh an Léirithe Spéise ag:

<https://www.pdst.ie/computer-science>.

Ba chóir do phríomhoide na scoile an fhoirm sin a chomhlánú i gcomhar leis an Múinteoir/na Múinteoirí Ríomheolaíochta atá beartaithe agus ní mór í a chomhlánú faoina **5pm, Dé hAoine, 06 Nollaig 2019**.

Aguisín 2 – Léiriú Spéise: Cur i bhFeidhm Náisiúnta Chorpoideachas na hArdteistiméireachta

Tagraíonn an tAguisín seo don ábhar inscrúdaithe Ardteistiméireachta, Corpoideachas na hArdteistiméireachta (CAT). Le haghaidh faisnéise ar Chreat Corpoideachais na Sraithe Sinsearaí nach bhfuil inscrúdúaithe, féach Aguisín 3.

1. Réamhrá

Ábhar roghnach is ea Corpoideachas na hArdteistiméireachta a ndéanann daltaí staidéar air agus ina scrúdaítear iad, mar chuid den Ardteistiméireacht, agus dáiltear pointí na Lár-Oifige Iontrála dá réir.

Tar éis thabhairt isteach Chéim 1 den ábhar i mí Mheán Fómhair 2018, tá sé ar fáil do scoileanna a bhfuil spéis acu ann, más mian leo é a thairiscint mar rogha ar a gcuid amchlár don Ardteistiméireacht, ag tosú sa bhliain acadúil 2020/21.

Mar chuid den feidhmiú céimneach náisiúnta, cuirfear clár um FGL ar fáil do mhúinteoirí chun tacaíocht a thabhairt don chur i bhfeidhm Corpoideachas na hArdteistiméireachta ó mhí Mheán Fómhair 2020. Tá tuilleadh eolais ar fáil i gCuid 3 thíos.

Dearadh an tsonraíocht ar feadh 180 uair an chloig d'am teagmhála ranga thar dhá bhliain. **Moltar go gcuirfí tréimhse dhúbailte amháin sa tseachtain ar a laghad san áireamh chun rannpháirtíocht ghníomhach na ndaltaí sna trí ghníomhaíocht fhisiciúla a éascú.**

Cuirfear an t-ábhar ar fáil ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal le haghaidh scrúdaithe agus beidh trí chomhpháirt mheasúnaithe ann:

Comhpháirt Mheasúnaithe	Ualú	Leibhéal
Tionscadal Gníomhaíochta Fisiciúla	20%	Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal
Measúnú Feidhmíochta	30%	Coiteann
Scrúdú Scríofa	50%	Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal

Tá treoirínte measúnaithe ar fáil ag: <https://www.curriculumonline.ie/Senior-cycle/Senior-Cycle-Subjects/Physical-Education-Specification>.

Níor chóir a mheas go bhfuil an t-ábhar inscrúdaithe agus Creat Chorpoideachas na Sraithe Sinsearaí nach bhfuil inscrúdaithe comheisiach (féach Aguisín 3 le haghaidh an dara ceann). Ceapadh an Creat chun tacú le múinteoirí foghlaim d'ardchaighdeán

sa Chorroideachas a phleanáil do gach dalta sa tSraith Shinsearach agus ní mheasúnófar é mar chuid de scrúdú na hArdteistiméireachta. Cabhróidh an Creat le scoileanna clár sa chorroideachas a dheardh do gach dalta, lena n-áirítear iad siúd a roghnaíonn Corroideachas a ghlacadh mar ábhar dá scrúdú Ardteistiméireachta.

Agus cinneadh á dhéanamh faoi cé acu atá nó nach bhfuil spéis ag scoil Corroideachas na hArdteistiméireachta a thairiscint, ba cheart roinnt cúinsí a chur san áireamh:

- Ba chóir go mbeadh dóthain acmhainne ag an scoil, i dtéarmaí foirne agus bonneagair, le haird ar leith ar áiseanna laistigh agus lasmuigh agus feistí digiteacha, féach cuid 2 thíos, chun Corroideachas a thairiscint mar ábhar Ardteistiméireachta ar an amchlár ó mhí Mheán Fómhair 2020;
- Ba chóir go mbeadh an scoil réidh le Corroideachas na hArdteistiméireachta a sceidealú ar feadh tréimhse dúbailte amháin ar a laghad in aghaidh na seachtaine;
- Ní mór an t-ábhar a thairiscint ó laistigh d'acmhainní reatha scoile agus foirne. Ní bheidh sé indéanta iarratas a dhéanamh ar lamháltais churaclaim chun an t-ábhar nua seo a thabhairt isteach;
- Ba chóir don scoil machnamh a dhéanamh ar an spás a d'fhéadfadh a bheith ann ar an amchlár don ábhar nua, ag cur forbairtí curaclaim eile sa tSraith Shinsearach san áireamh. Áirítear leis sin infhaighteacht bheartaithe na Ríomheolaíochta mar ábhar nua Ardteistiméireachta, a bheidh ar fáil do scoileanna ó mhí Mheán Fómhair 2020.
- Ba chóir do scoileanna a bheith eolach freisin ar thabhairt isteach Chreat Corroideachais na Sraithe Sinsearaí do dhaltá sa tsraith shinsearach ó mhí Mheán Fómhair 2020.
- Ba chóir don scoil machnamh a dhéanamh ar an gcumas atá aici comhlánú na gcomhpháirteanna measúnaithe don ábhar a éascú, cuirfear an dá cheann acu i gcrích sa dara bliain den chúrsa;
- Ba chóir go mbeadh an scoil in ann an múinteoir/na múinteoirí ar spéis leo Corroideachas a theagasc mar ábhar inscrúdaithe a shainaithe agus an taithí agus na cáilíochtaí ábhartha acu sa réimse sin. Ní mór do mhúinteoirí a bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta chun Corroideachas a mhúineadh agus is iondúil go mbeidh an-spéis léirithe acu i dteagasc an Chorroideachais mar ábhar inscrúdaithe, tar éis dóibh iad féin a chur ar an eolas faoin tsonraíocht;
- Ba chóir go mbeadh an scoil toilteanach éascú a dhéanamh an múinteoir/na múinteoirí roghnaithe a bheith páirt iomlán a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil;
- Ba chóir don scoil a chinntiú go mbeidh líon inmharthana daltaí ar spéis leo staidéar a dhéanamh ar an ábhar mar chuid den Ardteistiméireacht;

- Ba chóir go mbeadh tacaíocht le fáil ón mBord Bainistíochta agus ón gceannaireacht shinsearach sa scoil, i gcomhairle le pobal na scoile, don tionscnamh sin.
- Ní mór múinteoirí a bheith toilteanach tabhairt faoi FGL chun ullmhú le haghaidh tabhairt isteach na sonraíochta agus chun scileanna a fhorbairt/athnuachan de réir mar is gá. Is dócha go dtarlóidh roinnt FGL taobh amuigh d'am scoile.

Tá an tsonraíocht ar fáil ag: <https://www.curriculumonline.ie/Senior-cycle/Senior-Cycle-Subjects/Physical-Education-Specification>.

2. Feistí Digiteacha a theastaíonn chun tacú le cur chun feidhme Chorpoideachas na hArdteistiméireachta

Tá teicneolaíocht dhigiteach ag croí an scéil i dteagasc, foghlaim agus measúnú Chorpoideachas na hArdteistiméireachta. De réir mar a fhoghlaimíonn daltaí san ábhar, beidh orthu uirlisí éagsúla bogearraí a úsáid chun feidhmíocht i ngníomhaíocht fhisiciúil a ghabháil, a anailísiú agus a phleanáil. Tá na sonraíochtaí le haghaidh feistí a theastaíonn chun na gnéithe sin den obair chúrsa a chur i gcrích leagtha amach thíos.

Cuirtear an tsonraíocht i láthair i ndá shnáithe le trí chomhpháirt mheasúnaithe: tionscadal sa ghníomhaíocht fhisiciúil (20%), measúnú feidhmíochta (30%) agus an scrúdú scríofa (50%).

Teastóidh úsáid éifeachtach na teicneolaíochta chun an tionscadal sa ghníomhaíocht fhisiciúil agus an measúnú feidhmíochta a chur i gcrích go héifeachtach. Éileofar ar scoileanna feistí digiteacha cuí a chur ar fáil chun na comhchodanna éagsúla measúnaithe cúrsa in CAT a chríochnú agus beidh orthu a chinntiú go mbeidh na hacmhainní a leanas:

- Na sonraíochtaí íosta riachtanacha a chomhlíonadh;
- Go bhfuil siad comhoiriúnach le saoráidí stórála/óstála atá ann cheana sa scoil;
- Éascófar aistriú sonraí chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit ag an am riachtanach.

Ba chóir do scoileanna ar mian leo Chorpoideachas na hArdteistiméireachta a thabhairt isteach ó mhí Mheán Fómhair 2020 a chinntiú go bhfuil an bonneagar cuí acu a theastaíonn chun iad a chur chun feidhme. Maidir leis sin, is féidir le scoileanna cuid de na deontais TFC a úsáid chun na críche sin.

Tá na sonraíochtaí molta d'fheistí digiteacha leagtha amach thíos. Faoi rialacháin soláthair, ní féidir leis an Roinn samplaí de chrua-earraí comhoiriúnacha a shonrú.

Sonraíochtaí molta le haghaidh feistí a theastaíonn ó dhaltáí Corpoideachais na hArdteistiméireachta chun comhpháirteanna measúnaithe a chomhlánú, a bhfuil breac-chuntas orthu thíos:

2.A. Feistí Digiteacha

- Scáileán 9-10 n-orlach
- 16 GB stóras inmheánach
 - Féadfaidh sliotán do chárta SD a bheith ag an bhfeiste chun cuimhne a mhéadú
- Ceamara 1080P HD
- Taifeach scáileáin de 1920 x 1200

Ba chóir go mbeadh feistí in ann na córais oibriúcháin a leanas a reáchtáil:

- Android leagan 6.0 (Marshmallow) nó leagan nua
- iOS 8.1 nó leagan nua
- Windows 8.1 nó leagan nua

Tá an tsonraíocht íosta sin bunaithe ar an gcumas bogearraí cruthaithe/eagarthóireachta ar leibhéal iontrála a reáchtáil agus bogearraí bunúsacha próiseála focal, bogearraí cur i láthair agus próiseála scarbhileoige.

2.B. Teicneolaíochtaí Digiteacha Breise

Seo a leanas na cruu-earraí a theastaíonn ó gach scoil chun tacú le huaslódáil ábhair ó na feistí digiteacha:

- Dhá Thiomántán Crua Sheachtracha 4 theiribeart (TB)
- Mol/Ilphort USB
- Ríomhaire glúine le scáileán 11 orlach ar a laghad agus 32 gigibheart (GB) de chuimhne inmheánach

3. Foirm Léirithe Spéise – Cur i bhFeidhm Náisiúnta Corpoideachais na hArdteistiméireachta

Tabhair faoi deara go bhfuil an fhoirm seo le haghaidh Léirithe Spéise don ábhar inscrúdaithe Corpoideachais na hArdteistiméireachta.

Mar chuid den chur chun feidhme náisiúnta, cuirfear clár um FGL ar fáil do múinteoirí chun tacaíocht a thabhairt ar chur i bhfeidhm do Corpoideachais na hArdteistiméireachta ó mhí Mheán Fómhair 2020. Cuirfear tús leis an gclár FGL sin i rith na bliana acadúla 2019/20.

Beidh an t-eolas a bhailítear tríd an bhfoirm léirithe spéise mar bhonn le pleanáil an tsoláthair FGL sin.

Cinnfear ar shocruithe feidhmithe tar éis anailís ar an bhfaisnéis a gheofar sna foirmeacha Léirithe Spéise chomh maith.

Má tá spéis ag do scoil Corpoideachas na hArdteistiméireachta a thairiscint ó mhí Mheán Fómhair 2020, comhlánaigh an Léirithe Spéise ag: <https://www.pdst.ie/SCPE>.

Ba chóir do phríomhoide na scoile an fhoirm seo a chomhlánú i gcomhar leis an múinteoir Corpoideachais agus ní mór í a chomhlánú faoin **5pm, Dé hAoine, 06 Nollaig 2019**.

Aguisín 3 – Léiriú Spéise: Cur i bhFeidhm Náisiúnta Chreat Corpoideachais na Sraithe Sinsearaí

Baineann an t-aguisín seo leis an gcreat neamh-inscrúdaithe le haghaidh Corpoideachais. Le haghaidh eolais faoin ábhar is féidir a scrúdú, Corpoideachas na hArdteistiméireachta, féach Aguisín 2.

1. Réamhrá

Soláthraíonn Creat Corpoideachais na Sraithe Sinsearaí uirlis phleanála chun tacú le soláthar corpoideachais do gach dalta sa tSraith Shinsearach agus ní mheasúnófar é mar chuid de scrúdú na hArdteistiméireachta.

Ó mhí Mheán Fómhair 2020, glacfaidh Creat Chorpoideachas na Sraithe Sinsearaí nua ('an Creat') ionad na dtreoirínte atá leagtha amach sna Rialacha agus Clár do Mheánscoileanna atá mar bhonn le haghaidh corpoideachais sa tSraith Shinsearach faoi láthair.

Ceapadh an Creat chun tacú le múinteoirí foghlaim d'ardchaighdeán sa Chorpoideachas a phleanáil do gach dalta sa tSraith Shinsearach agus ní mheasúnófar é mar chuid de scrúdú na hArdteistiméireachta. Cabhróidh an Creat le scoileanna clár corpoideachais a dhearadh do gach dalta, lena n-áirítear iad siúd a roghnaíonn Corpoideachas a ghlacadh mar ábhar don scrúdú Ardteistiméireachta.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur féidir le daltaí tabhairt faoin gCreat Corpoideachais sa tSraith Shinsearach agus staidéar a dhéanamh ar Chorpoideachas na hArdteistiméireachta mar ábhar inscrúdaithe ag an am céanna.

Moltar go gcuirfí tréimhse dhúbailte amháin in aghaidh na seachtaine (cothrom le thart ar 80 nóiméad sa tseachtain thar thréimhse dhá bhliain) ar fáil mar íoscheanglas chun Corpoideachas na Sraithe Sinsearaí a mhúineadh.

Chun tacú le cur chun feidhme an Chreata, cuirfear clár um fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) ar fáil do mhúinteoirí a bheidh ar an amchlár chun Corpoideachas neamh-inscrúdaithe a mhúineadh ó mhí Mheán Fómhair 2020. Ba chóir go gcuirfeadh aon scoil ar mian leo leas a bhaint as an FGL sin na cúinsí seo a leanas a chur san áireamh:

- Ba chóir go léireodh an scoil go bhfuil sí toilteanach ranganna an Chreata Corpoideachais a sceidealú ar feadh tréimhse dhúbailte amháin ar a laghad in aghaidh na seachtaine;
- Ba chóir go mbeadh an scoil in ann an múinteoir/ na múinteoirí ar spéis leo Corpoideachas neamh-inscrúdaithe a theagasc agus a bhfuil an taithí agus na cáilíochtaí ábhartha cuí acu sa réimse sin a shainiú;

- Beidh ar an múinteoir/na múinteoirí roghnaithe a bheith toilteanach páirt iomlán a ghlacadh i bhforbairt ghairmiúil le linn agus taobh amuigh d'am scoile;
- Tá an scoil toilteanach múinteoirí a scaoileadh chun freastal ar FGL i rith am scoile;
- Ba chóir go mbeadh tacaíocht ón mBord Bainistíochta agus ón gceannaireacht shinsearach sa scoil, i gcomhairle le pobal na scoile, don tionscnamh sin.

Ní mór do mhúinteoirí clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta chun Corpoideachas a mhúineadh agus is iondúil go mbeidh na múinteoirí sin toilteanach tabhairt faoi FGL chun ullmhú le haghaidh thabhairt isteach an Chreata agus chun scileanna oideolaíoch a fhorbairt/a athnuachan lena n-áirítear scileanna teicneolaíochta digití chun tacú le foghlaim agus measúnú sa chorpoidéachas. Is dócha go dtarlóidh roinnt FGL taobh amuigh d'am scoile.

Tá an Creat ar fáil ag: <https://www.curriculumonline.ie/Senior-cycle/Senior-Cycle-Subjects/Physical-Education-Framework>.

Tá Ceisteanna Coitianta ar Chreat Chorpoidéachas na Sraithe Sinsearaí ar fáil ag: <https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Curriculum-and-Syllabus/Senior-Cycle/>.

2. Léiriú Spéise do FGL

Is féidir le scoileanna ar mian leo leas a bhaint as FGL do Chreat Chorpoidéachas na Sraithe Sinsearaí spéis a chur in iúl tríd an nasc a leanas:

<https://www.pdst.ie/SCPE>

Ní mór an fhoirm léirithe spéise thuas a chomhlánú faoin **5pm, Dé hAoine, 15 Samhain 2019**.

Aguisín 4 – Léiriú Spéise: Teangacha Nua Ardteistiméireachta

1. Réamhrá

Seoladh [Déanann Teangacha Nasc](#) – Straitéis do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn 2017-2026 i mí na Nollag 2017 agus bhí spriocanna ann maidir le líon na ndaltaí atá ag staidéar teangacha iasachta i scoileanna a mhéadú agus an réimse teangacha a mhúintear a éagsúlú. Tá sé mar aidhm an Mhandairínis agus an Pholainnis, an Phortaingéilís agus an Liotuáinis a thabhairt isteach mar ábhair nua curaclaim chun an soláthar éagsúil teangacha atá ar fáil do dhaltaí a mhéadú.

Tá sonraíochtaí le haghaidh Mandairínise, Polainnise, Portaingéilise agus Liotuáinise á bhforbairt ag CNCM. Tá sé beartaithe go dtabharfar iad sin isteach i scoileanna ar bhonn céimnithe ó mhí Mheán Fómhair 2020, ag tosú le cohórt beag scoileanna, agus an chéad scrúdú ar siúl in 2022.

Tacóidh TIBÉ le cur i bhfeidhm na dteangacha sin. Cuirfidh TIBÉ comhairle ar scoileanna má tá siad i dteideal iarratas a dhéanamh ar leithdháileadh breise d'uaireanta an chloig do sholáthar teangacha iasachta mar chuid de scéim chun leithdháileadh breise a sholáthar le haghaidh éagsúlú soláthair teangacha (féach Ciorclán reatha 31/2019) mar chuid den straitéis.

Dearfar na sonraíochtaí ar feadh 180 uair an chloig d'am teagmhála ranga. Tá sé beartaithe go gcuirfidh scoileanna na hábhair sin ar an amchlár le haghaidh 180 uair an chloig de theagasc agus foghlaim thar thréimhse dhá bhliain.

2. Mandairín

Tá sonraíocht na Mandairínise dírithe ar fhoghlaim nua na teanga agus beidh sí inrochtana do dhaltaí nach bhfuil aon eolas acu roimh ré ar an teanga agus iad ag dul isteach sa chúigiú bliain, cé go bhfuil staidéar ar theanga agus ar chultúr na Síne mar chuid den ghearrchúrsa sa tsraith shóisearach agus/nó mar chuid de mhodúl na hIdirbhliana ina bhunús úsáideach.

Tá sé beartaithe go dtairgfear scrúdú stáit nua don Ardteistiméireacht don Mhandairínis den chéad uair ó 2022 i leith.

3. Polainnis, Portaingéilís agus Liotuáinis

Beidh na torthaí foghlama do dhaltaí atá ag déanamh staidéir ar na sonraíochtaí curaclaim i bPolainnis, i bPortaingéilís agus i Liotuáinis ailínithe go ginearálta leis na torthaí foghlama a ghnóthaigh daltaí a dhéanann staidéar ar Fhraincis, Gearmáinis,

Spáinnis agus Iodáilis na hArdteistiméireachta. Mar sin féin, tosódh an clár teagaisc agus foghlama sa 5ú bliain. Dá réir sin is iad na sonraíochtaí is oiriúnaí d'fhoghlaimoirí a bhfuil eolas acu ar an teanga cheana féin agus a bhfuil leibhéal inniúlachta acu cheana féin sa Pholainnis, Portaingéilis nó Liotuáinis scríofa agus/nó labhartha.

Tá an tsonraíocht don Phortaingéil á forbairt chun freastal ar raon canúintí na Portaingéile atá ann, agus gur chóir é seo a léiriú i gcomhthéacs áitiúil an teagaisc agus na foghlama.

Tá sé beartaithe go dtairgfear scrúduithe stáit nua Ardteistiméireachta don Pholainnis, don Phortaingéilis agus don Liotuáinis den chéad uair in 2022.

4. Breithnithe do Scoileanna

Roghnófar scoileanna chun páirt a ghlacadh i gCéim 1 den chur chun feidhme ar bhonn na gcritéar a leanas:

- Tá tacaíocht le fáil ón mBord Bainistíochta agus ón gceannaireacht shinsearach sa scoil, i gcomhairle le pobal na scoile, chun ábhair nua a thabhairt isteach;
- Is féidir tosaíocht a thabhairt do scoileanna a bheartaíonn an t-ábhar a chur ar an amchlár ar feadh 180 uair thar dhá bhliain chlár na hArdteistiméireachta;
- Tá líon daltaí inmharthana ag an scoil a bhfuil spéis acu staidéar a dhéanamh ar aon cheann de na teangacha nua. Go hidéalach, níor cheart go mbeadh níos lú ná ochtar daltaí ann chun leas a bhaint as tacaíochtaí breise mar iad siúd atá leagtha amach i gCiorclán 31/2019;
- Tá an scoil toilteanach tacaíocht a thabhairt do mhúinteoir nua teangacha nua e.g. ionduchtú agus meantóireacht;
- Éascóidh an scoil an múinteoir/ na múinteoirí cuí chun freastal ar FGL i ndáil le hábhair teangacha nua;
- Tá an scoil toilteanach páirt a ghlacadh i mbraislí réigiúnacha agus tacú leo chun oiliúint a éascú, páirt a ghlacadh i bpobail chleachtas réigiúnacha chun soláthar tacaíochta a uasmhéadú;
- Ba chóir don scoil a machnamh a dhéanamh ar a toilteanas chun tabhairt faoi mhodhanna nua seachadta an ábhair. Beidh an modh seachadta atá le húsáid ina ábhar comhairliúcháin le comhpháirtithe ábhartha.

5. Léiriú Spéise do Chéim 1 de Theangacha nua na hArdteistiméireachta

Ba chóir d'iar-bhunscoileanna ar mian leo aon cheann de na teangacha nua sin a thabhairt isteach ó mhí Mheán Fómhair 2020 an fhoirm Léirithe Spéise a chomhlánú ag <https://www.surveymonkey.com/r/NewLCLanguages>.

Ní mór an fhoirm Léirithe Spéise thuas a chomhlánú faoin **5pm, Dé hAoine, 06 Nollaig 2019**.